# M.Oid.
## san Oideachas Lán-Ghaeilge

**Sa chlár nuálach seo,M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge, díreofar ar theoiric agus ar oideolaíocht an tumoideachais agus an dátheangachais. Cuirfear sraith modúl atá comhtháite, comhleanúnach agus idirghaolmhar ar fáil le freastal go sonrach ar oideoirí tumoideachais agus ar ghairmithe eile a bhíonn ag obair i réimse an oideachais lán-Ghaeilge.**

### Aidhmeanna an Chláir:

Seo a leanas aidhmeanna an chláir:

- Barr feabhais i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlama san oideachas lán-Ghaeilge agus san oideachas Gaeltachta a chur chun cinn.
- Eolas, scileanna gairmiúla agus taighde sa réimse a fhorbairt agus a chraobhscaoileadh.
- Idirchaidreamh agus líonraí nuálaíochta, imeasctha agus feabhsúcháin sa tumoideachas a chothú, a shaibhriú agus a bhuanú.

### Torthaí Foghlama an Chláir:

Ar chríochnú an chláir seo, beidh mic léinn in ann:

- Feasacht, eolas agus tuiscint a léiriú ar fhealsúnacht, ar bhunús, ar threoirphrionsabail agus ar oideolaíocht an tumoideachais agus an dátheangachais.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruthú an eolais le haghaidh na hoideolaíochta agus an chleachtais tumoideachais maraon le ceannaireacht teagaisc a sholáthar ina suíomhanna gairmiúla féin, agus don réimse i gcoitinne.
- Máistreacht a léiriú ar an bhfeasacht teanga i scríobh agus i labhairt na Gaeilge chomh maith le machnamh criticiúil a dhéanamh ar ról an chultúir agus na h'oidhreachta i bpróiseas an oideachais lán-Ghaeilge.




- Coincheapa nua agus teoiricí foghlama teanga a úsáid chun cur chuige fónta agus modhanna éifeachtacha teagaisc a chur i bhfeidhm agus ábhair eile á múineadh trí Ghaeilge.
- Machnamh breithiúnach a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le forbairt na díleatearthachta agus ar thaighde ábhartha.
- Taighde agus fianaise a úsáid ar mhaithe le léargas a dhéanamh ar an gceangal idir cleachtas, taighde agus foghlaim i gcomhthéacs an tumoideachais lán-Ghaeilge.

### Struchtúr an Chláir:

Beidh an clár cumaisc foghlama seo ar fáil ar bhonn páirtaimseartha thar thréimhse dhá bhliain acadúla. Beidh an fhoghlaim chumaisc mar ghné lárnach den chlár, i. cuid den chlár curtha ar fáil ar líne agus an chuid eile curtha ar fáil ar láthair ag an deireadh seachtaine – 6.30i.n. – 9.30i.n. ar an Aoine agus 9.30r.n. – 12.30i.n. ar an Satharn. Cuirfear soláthar for-rochtana san áireamh ag brath ar riachtanais na mac léinn. Is é a bheidh i gceist le gné foghlama ar an láthair de mhodúil áirithe ná seimineár ar feadh deireadh seachtaine a reáchtálfar sa Ghaeltacht.

Beidh an clár curtha ar fáil ar bhonn uaireanta foghlaim-threoraithe, seimineár ar líne agus ar láthair, taithí phraiticiúil agus scoil samhraidh.Mar thoradh ar an gcur chuige cumaisc agus ar dhearadh an chláir, beidh taighdeoirí tábhachtacha idirnáisiúnta i láthair agus pléifidh siad torthaí agus saincheisteanna nua i réimse an tumoideachais, an oideachais dhátheangaigh agus an dara teanga ar líne leis na mic léinn le linn an chláir.

### Modúil Mhúinte an Chláir:

**BLIAIN 1**

| **Seimeastar an Fhómhair** (Meán Fómhair – An Nollaig) | **Seimeastar an Earraigh** (Eanáir – Aibreán) | **Scoil Samhraidh** (Iúil) |
|---|---|---|
| Sealbhú agus Foghlaim an Dara Teanga: Teoiric agus Cleachtas<br>Teagasc na Gaeilge mar Sprioctheanga: Teoiric agus Cleachtas<br>An Múinteoir mar Thaighdeoir | Bunús agus Treoirphrionsabail an Oideachais Lán-Ghaeilge<br>An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha: Teoiric agus Cleachtas<br>Taighde agus Cleachtas: Tionscadal Taighde Feidhmeach. | An Díleitearthacht: Leanúntas na Tacaíochta |

**BLIAIN 2**

| **Seimeastar an Fhómhair** (Meán Fómhair – An Nollaig) | **Seimeastar an Earraigh** (Eanáir – Aibreán) |
|---|---|
| Modhanna Taighde<br>Tráchtas 1 | Tráchtas 2 |

### Cáilíochtaí:

Claróidh iarratasóirí don M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge. Bronnfar Máistreacht san Oideachas san Oideachas Lán-Ghaeilge ar mhic léinn má éiríonn leo i ngach gné den chlár, i. na modúil mhúinte agus an tráchtas.

### Riachtanais Iontrála:

- Múinteoirí cáilithe bunscoile nó iar-bhunscoile a bhfuil bunchéim ábhartha/dioplóma iarchéime san oideachas acu ag leibhéal 2.2 Onóracha nó níos airde, agus atá aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta (Leibhéal 8 – An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí)
- Cleachtóirí Cúram agus Oideachas na Luathóige a bhfuil bunchéim ábhartha in oideachas na luath-óige acu ag leibhéal 2.2 onóracha nó níos airde
- Beidh iarratasóirí nach gcomhlíonann na critéir thuas, curtha san áireamh de réir an *Pholasaí ar Aitheantas Réamhfhoghlama* atá ag Ollscoil Luimnigh.
- Tá gá le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána don chlár seo.

### Líon áiteanna atá ar fáil:

Glacfar suas le fiche duine ar an gclár sa bhliain acadúil 2014/2015. Glacfar le h-iarratasí ón lá inniu suas go dtí 31 Bealtaine 2014.

### Measúnú an Chláir:

Cuirfear béim ar mheasúnú leanúnach agus beidh gnéithe éagsúla measúnachta i bhfeidhm ar fud an chláir. Beidh tionscadal taighde feidhmeach le seoladh i seimeastar an earraigh, bliain 1 agus beidh tráchtas ar leibhéal máistreachta le déanamh ar réimse ábhar de rogha an mhic léinn i mbliain 2 an chláir. Beidh gá an tráchtas a aighniú roimh dheireadh mhí Lúnasa 2016. Tá gach modúl sa chlár éigeantach.

### Iarratas:

Cuirfear fáilte mhór roimh phlé neamhfhoirmeálta roimh iarratas a chur isteach. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Dr. T.J. Ó Ceallaigh, Comhordaitheoir an Chláir nó le lár-oifig iontrála an choláiste ag na sonraí thíos:

**Dr. T.J. Ó CEALLAIGH**
**Comhordaitheoir an Chláir**

An Roinn Teanga, Litearthachta agus Matoideachais
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH
An Cuarbhóthar Theas,
Luimneach, Éire.
T: +353 61 204325
R: tj.oceallaigh@mic.ul.ie
W: http://goo.gl/4VkBW

**LÁR-OIFIG IONTRÁLA**

COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH
An Cuarbhóthar Theas,
Luimneach, Éire.
T: +353 61 204348/204929
R: admissions@mic.ul.ie

COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH
MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



# M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge




COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH
MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK